**Cuntas Leithreasa 2014**

# Vóta 36

# Cosaint

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 36, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin; ar phá agus ar speansais Óglaigh na hÉireann; agus ar íoc deontas áirithe i gcabhair.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2014, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
(b) arna gcur ar fáil ar mhaithe le seirbhísí soláthair caipitil in 2014, as leithreasuithe neamhchaite a bhain le 2013, faoi na socruithe a bunaíodh le hAlt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tabhairt suas a iarchur.

Dlitear barrachas €13.58 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Luacháil stoic***

Déantar stoic mhíleata a luacháil ag an meánchostas. Déantar stoic de chuid an Aerchóir a luacháil ag an bpraghas ceannaigh. Déantar stoic roinne a luacháil ag an bpraghas ceannaigh is déanaí.

***Dímheas***

Déantar sócmhainní míleata a dhímheas go luachanna iarmharacha ag rátaí idir 3%-20% in aghaidh na bliana agus modh an mhéid chothroim á úsáid.

***Sócmhainní caipitil***

Cuimsíonn sócmhainní caipitil gach cineál trealamh míleata agus gach sócmhainn TF ach ní chuirtear san áireamh troscán agus feistis a chosnaíonn níos lú ná €600.

Tá sceideal na talún agus na bhfoirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta faoi cheangal. Ós rud é nach bhfuil luachálacha ar fáil do gach ceann de na réadmhaoine seo, níl siad san áireamh i sócmhainní caipitil (Nóta 2.2).

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a athbhreithniú go rialta.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- Go bhfuil córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air.
- Go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Go n-oibrítear córas bainistíochta riosca sa Roinn.
- Go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.
- Cinntíonn an Roinn go bhfuiltear ag díriú go cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil na treoirlínte ábhartha go léir á gcomhlíonadh. Chloígh an Roinn leis na treoirlínte seachas 40 conradh dar luach €8 milliún a liostaíodh i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Baineann na conarthaí seo go príomha le caiteachas ar shaintrealamh cosanta, árthaí cabhlaigh agus aerárthaí míleata.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Tá córas um rialú inmheánach i bhfeidhm ag an Roinn chun na rioscaí airgeadais uile a shainaithint. Déantar rioscaí a shainaithint, a mheasúnú, a chatagóiriú agus a thaifeadadh ar chlár rioscaí na Roinne, chomh maith leis na rialuithe a mhaolaíonn i gcoinne na rioscaí sin.

*Stoc agus Fardal Míleata*

Ag cur san áireamh éagsúlacht agus méid an stoic mhíleata nach mór d'Óglaigh na hÉireann iad a bheith ina seilbh, is tasc suntasach é luacháil an fhardail. Laghdaíodh luach an stoic mhíleata go suntasach le blianta beaga anuas tar éis atheagrú Óglaigh na hÉireann agus tar éis tionscnamh le míreanna stoic malla agus críona a aithint agus a bhaint. Tugadh faoi chuid mhór oibre freisin maidir leis an tionscadal leanúnach le catagóirí áirithe fardail a athaicmiú mar shócmhainní seasta (lena n-áirítear athaicmiú míreanna ardmhéide a bhfuil luach íseal ag baint leo ó fhardal go hacmhainní). Cuireadh athbhreithniú seachtrach ar an bhfardal míleata i gcrích agus táthar ag cur na moltaí chun cinn agus é i gceist iad a chur i bhfeidhm chomh luath agus is féidir. Tá na próisis seo fós ar siúl agus beidh de thoradh orthu bailíocht fheabhsaithe agus cruinneas feabhsaithe luachála agus tuairisceoireachta fardail.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra faoi oiliúint chuí, a oibríonn de réir cairt scríofa a cheadaigh mé féin. Cuirtear le hobair na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar fiosrú ar na tuarascálacha maidir leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

**Maurice Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

31 Márta 2015

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 36 Cosaint

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 36 Cosaint don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 36 Cosaintdon bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014**.**

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Cosaint**.** Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Lúnasa 2015

# Vóta 36 Cosaint

## Cuntas Leithreasa 2014

| | | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | | |
| A | Beartas cosanta agus tacaíocht, cumas míleata agus torthaí oibriúcháin | | | | | |
| | *Bunaidh* | 676,929 | | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 900 | | | | |
| | | | 677,830 | | 672,960 | 666,963 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 676,929 | | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 900 | | | | |
| | | | **677,830** | | **672,960** | **666,963** |
| | *Asbhain* | | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | | **36,638** | | **45,345** | **48,436** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 640,291 | | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 900 | | | | |
| | | | **641,192** | | **627,615** | **618,527** |

**Barrachas le tabhairt suas**

Tá barrachas an mhéid arna chur ar fáil thar an nglanmhéid arna chur i bhfeidhm dlite le tabhairt suas don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d’aon leithreasaí neamhchaite do sheirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 13,577,097 | 21,130,320 |
| Tabhairt suas a iarchur | — | (900,000) |
| Barrachas le tabhairt suas | 13,577,097 | 20,230,320 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 17,951 | 17,046 | 17,246 |
| ii | Taisteal agus cothú | 500 | 504 | 484 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 210 | 175 | 171 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 700 | 576 | 624 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 2,395 | 2,361 | 1,865 |
| vi | Speansais áitreabh oifige | 1,272 | 957 | 972 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin, athbhreithnithe ar luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 25 | — | 13 |
| viii | Uachtaránacht ar an AE | — | 7 | 154 |
| | | 23,053 | 21,626 | 21,529 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 651,334 | 645,434 |
| Pá | | 17,046 | 17,318 |
| Neamhphá | | 4,580 | 4,211 |
| **Ollchaiteachas** | | **672,960** | **666,963** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **45,345** | **48,436** |
| **Glanchaiteachas** | | **627,615** | **618,527** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin (airgead tirim) | (84,078) | | |
| Dímheas | 37,305 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 3,384 | | |
| Diúscairtí (airgead tirim) | 10 | | |
| | | (43,379) | 31,817 |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | (6,412) | (5,940) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (1,843) | | |
| Laghdú ar stoc | 21,498 | | |
| | | 19,655 | (34,282) |
| **Caiteachas díreach** | | **597,479** | **610,122** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 8,226 | 7,393 |
| Measchíosanna | | 1,071 | 1,949 |
| **Costas glan cláir** | | **606,776** | **619,464** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna a leanas i ndáil le Vóta 36 a tabhaíodh in áit eile agus méideanna a tabhaíodh ar Vóta 36 maidir le seirbhísí eile.

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin | m | (409) | (389) |
| Vóta 2 Roinn an Taoisigh | m | (58) | (50) |
| Vóta 7 Na Coimisinéirí Ioncaim | m | 2 | 1 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 9,504 | 8,501 |
| Vóta 13: Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 742 | 844 |
| Vóta 35: Arm-Phinsin | m | (1,672) | (1,700) |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | m | 117 | 186 |
| | | **8,226** | **7,393** |

Tugann “m” le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 363,934 | 316,959 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 365 | 3,068 |
| | | **364,299** | **320,027** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 5,665 | 8,075 |
| Stoic | 2.5 | 243,570 | 265,068 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.6 | 110,394 | 108,431 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,695 | 1,855 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.7 | 618 | 892 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **361,942** | **384,321** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 2,156 | 2,029 |
| Ioncam iarchurtha | | 45 | 22 |
| Iarmhéideanna eile sochair | 2.8 | 5,432 | 4,066 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.9 | 851 | 4,901 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **8,484** | **11,018** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 353,458 | 373,303 |
| **Glansócmhainní** | | **717,757** | **693,330** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **717,757** | **693,330** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | **€000** | **2014 €000** | **2013 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 693,330 | 682,714 |
| **Eisíocaíochtaí as an Vóta** | | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 641,192 | | |
| Tabhairt suas a iarchur | Cuntas | — | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (13,577) | | |
| Vóta glan | | | 627,615 | 618,527 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 8,226 | 7,393 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 1,071 | 1,949 |
| Aistrithe – sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | 2.3 | | (9,115) | (4,540) |
| Coigeartú sócmhainne | | | 3,406 | 4,820 |
| Aistrithe ón mBord Cosanta Sibhialta | 2.2 | | — | 1,931 |
| Costas glan cláir | 1 | | (606,776) | (619,464) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **717,757** | **693,330** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh míleata | Trealamh na cosanta sibhialta | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2014 | 835,800 | 2,249 | 41,955 | 3,644 | 883,648 |
| Athaicmiú ó stoc[a] | 9,607 | — | — | — | 9,607 |
| Coigeartú[b] | (42) | — | — | — | (42) |
| Breiseanna | 81,231 | 417 | 2,590 | 30 | 84,268 |
| Diúscairtí | (23,434) | (19) | (3,576) | (46) | (27,075) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2014 | 903,162 | 2,647 | 40,969 | 3,628 | 950,406 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2014 | 526,810 | 437 | 37,216 | 2,226 | 566,689 |
| Dímheas ar mhíreanna athaicmithe[a] | 6,159 | — | — | — | 6,159 |
| Dímheas don bhliain | 34,894 | 324 | 1,877 | 210 | 37,305 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (20,196) | (7) | (3,438) | (40) | (23,681) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2014 | 547,667 | 754 | 35,655 | 2,396 | 586,472 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **355,495** | **1,893** | **5,314** | **1,232** | **363,934** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **308,990** | **1,812** | **4,739** | **1,418** | **316,959** |

[a] Ag eascairt as athbhreithniú ar an gcóras fardalach, rinneadh míreanna áirithe a taifeadadh roimhe seo mar stoc a athaicmiú mar shócmhainní caipitil.

[b] Tháinig an coigeartú aníos de bharr thaifeadadh na míreanna fardail ar an gcóras fardalach ar mheánchostais agus de thoradh a n-aistrithe ina dhiaidh sin chuig clár na sócmhainní ar fhíorphraghas ceannaigh.

Riarann an Roinn Cosanta talamh (tuairim is 8,400 heicteár) agus foirgnimh ag 78 ionad éagsúil, chomh maith le 19 réadmhaoin lasmuigh de bheairicí atá ann mar cheathrúna do lucht pósta. Níl talamh agus foirgnimh áirithe i sócmhainní caipitil.

**2.3 Tionscadail tógála ar siúl**

amhail an 31 Nollaig

| | €000 |
|---|---|
| Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2014 | 3,068 |
| Íocaíochtaí airgid thirim sa bhliain | 6,412 |
| Aistrithe chuig Clár na Sócmhainní[a] | (9,115) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014 | 365 |

[a] Aistriú barúlach chuig Clár na Sócmhainní.

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iarmhéid PMG | 4,662 | 7,150 |
| Iarmhéideanna eile bainc agus airgead thirim | 1,003 | 925 |
| | 5,665 | 8,075 |

| **2.5 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Stoic mhíleata** | | |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir | 264,448 | 265,777 |
| Ceannaigh le linn na bliana | 41,029 | 44,538 |
| Eisiúintí le linn na bliana | (50,710) | (43,888) |
| Nithe díscríofa, stoc críon, etc.[a] | (4,900) | (3,928) |
| Coigeartú[b] | 2,726 | 6,029 |
| Athaicmiú go sócmhainní seasta[c] | (9,607) | (4,080) |
| | 242,986 | 264,448 |
| Cosaint Shibhialta | 529 | 566 |
| Páipéarachas | 29 | 28 |
| Ábhar inchaite TF | 26 | 26 |
| | 243,570 | 265,068 |

[a] Tá obair ar siúl go leanúnach le míreanna stoic mhíleata mallghluaisteacha agus críona a shainaithint agus a bhaint.

[b] Tháinig an coigeartú chun cinn tar éis athbhreithniú a rinneadh ar chatagóiriú míreanna stoic.

[c] Athaicmíodh roinnt míreanna stoic mhíleata mar shócmhainní in 2014 (féach Nóta 2.2).

| **2.6 Réamhíocaíochtaí** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Tógáil árthaí cabhlaigh [Nóta 2.10 (c)] | 81,295 | 84,230 |
| Eile | 29,099 | 24,201 |
| | 110,394 | 108,431 |

Is ionann €81 milliún agus na réamhíocaíochtaí a rinneadh ar Thionscadal Athsholáthair na nÁrthaí Cabhlaigh idir 2011-2014.

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Fionraí | 618 | 892 |
| | 618 | 892 |

| **2.8 Iarmhéideanna Eile Sochair** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 115 | 103 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | (25) | (39) |
| Cáin Ioncaim | 46 | 33 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 16 | 29 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 25 | 21 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | (12) | (15) |
| Cáin Bhreisluacha | 5,185 | 3,833 |
| | 5,350 | 3,965 |
| Asbhaintí ó phárolla | 5 | 15 |
| Fionraí | 77 | 86 |
| | 5,432 | 4,066 |

| **2.9 Glandliteanas don Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas le tabhairt suas | 13,577 | 20,230 |
| Tabhairt suas a iarchur | — | 900 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (12,726) | (16,229) |
| Glandliteanas don Státchiste | 851 | 4,901 |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 5,665 | 8,075 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 618 | 892 |
| | 6,283 | 8,967 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (5,350) | (3,965) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (82) | (101) |
| | (5,432) | (4,066) |
| | | |
| | 851 | 4,901 |

| **2.10 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iomlán na gceangaltas atá infheidhme de réir an dlí | 76,286 | 72,695 |

**(a) Ceangaltais dhomhanda**

Cuimsíonn €76.3 milliún €57 milliún do Chlár Athsholáthair na nÁrthaí Cabhlaigh agus €11 mhilliún do cheannach trealaimh chosantaigh.

**(b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

Caiteachas in 2014 agus ceangaltais le sásamh sna blianta ina dhiaidh sin de bhua tionscadal, a bheidh maoinithe ó fhotheidil ina bhfuil forálacha caipitil vótáilte, mar a bhí conarthaí infheidhmithe de réir an dlí i bhfeidhm:

| | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Caiteachas | 6,412 | 5,940 |
| Ceangaltais le sásamh sna blianta ina dhiaidh sin | 4,812 | 3,260 |

**(c) Mórthionscadail**

Caiteachas ar thionscadail ina sáróidh an costas measta iomlán €6.35 milliún.

| | | | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Caiteachas anuas go dtí an 31 Nollaig 2013** | **Caiteachas** | **Caiteachas dá éis sin** | **Iomlán an tionscadail** | **Iomlán an tionscadail** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Tionscadal** | | | | | |
| Tionscadal Athsholáthair na nÁrthaí Cabhlaigh | 84,230 | 58,425 | 56,703 | 199,358 | 132,200 |

Chuir an Roinn tús le conradh i 2014 leis an tríú soitheach a sholáthar ar phraghas conartha de €67.2 milliún, CBL san áireamh.

**2.11 Dliteanais Aibithe**

B'ionann na dliteanais aibithe a bhí fós le híoc faoi cheann na bliana agus €478,501.

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fotheidil

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Beartas cosanta agus tacaíocht, cumas míleata agus torthaí oibriúcháin** | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | 17,951 | 17,053 | 17,318 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | 5,102 | 4,573 | 4,211 |
| A.3 | Na Buan-Óglaigh: pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 422,466 | | | |
| | *Forlíontach* | (25,800) | 396,666 | 395,573 | 413,394 |
| A.4 | Na Buan-Óglaigh: liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 35,279 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,000) | 34,279 | 34,337 | 40,074 |
| A.5 | Na hÓglaigh Cúltaca: pá etc. | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,150 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,000) | 2,150 | 1,858 | 1,909 |
| A.6 | Séiplínigh agus eaglaisigh feidhmithe: pá agus liúntais | | 1,225 | 1,187 | 1,108 |
| A.7 | Sibhialtaigh a bhaineann le haonaid: pá etc. | | | | |
| | *Bunaidh* | 32,370 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,999) | 27,371 | 25,472 | 29,251 |
| A.8 | Trealamh cosanta | | 26,500 | 25,877 | 26,931 |
| A.9 | An tAerchór: trealamh agus costais | | 14,100 | 16,936 | 17,653 |
| A.10 | Iompar míleata | | 10,950 | 10,856 | 10,437 |
| A.11 | An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus speansais | | | | |
| | *Bunaidh* | 36,600 | | | |
| | *Forlíontach* | 32,800 | 69,400 | 70,553 | 35,800 |
| A.12 | Speansais bheairicí agus trealamh innealtóireachta | | 13,800 | 13,200 | 15,505 |
| A.13 | Foirgnimh | | | | |
| | *Foráil na bliana reatha* | 12,977 | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 900 | 13,877 | 13,743 | 12,613 |
| A.14 | Ordanás, éadaí agus lónadóireacht | | 14,970 | 11,633 | 11,784 |
| A.15 | Cumarsáid agus teicneolaíocht faisnéise | | 6,340 | 7,623 | 7,166 |
| A.16 | Traenáil mhíleata | | 1,950 | 1,912 | 1,998 |
| A.17 | Seirbhísí taistil agus lasta | | 2,568 | 2,707 | 2,074 |
| A.18 | Speansais leighis | | 2,600 | 2,599 | 2,776 |
| A.19 | Tailte | | 1,000 | 1,215 | 1,540 |
| A.20 | Eachaíocht | | 860 | 943 | 874 |
| A.21 | Cúiteamh agus costais ghaolmhara | | 5,000 | 4,244 | 3,798 |
| A.22 | Caiteachas ilghnéitheach | | 3,066 | 2,401 | 2,700 |
| A.23 | Costais dhíreacha de thoradh rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta an AE | | 996 | 1,191 | 828 |
| A.24 | Cosaint Shibhialta | | 4,240 | 4,405 | 4,352 |
| A.25 | Cros Dhearg na hÉireann (deontas i gcabhair) | | 869 | 869 | 869 |
| | | | 677,830 | 672,960 | 666,963 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €4.87 milliún níos lú ná mar a foráladh. Bhí sin amhlaidh go príomha mar gheall ar na difríochtaí seo a leanas ag leibhéal na bhfo-cheannteideal:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Na hÓglaigh Cúltaca: pá etc. | 292 | Tháinig an choigilt go príomha as rannpháirtíocht cúltacairí in oiliúint íoctha a bheith ní b'ísle ná mar a rabhthas ag súil léi. |
| Sibhialtaigh a bhaineann le haonaid: pá etc. | 1,899 | Tháinig an choigilt go príomha as laghdú ar líon na bhfostaithe sibhialtacha. |
| An tAerchór: trealamh agus costais | (2,836) | Baineann an farasbarr go príomha le tuilleadh riachtanas i leith cothabháil aerárthaí agus costais oiliúna agus leis an éileamh méadaithe ar bhreosla le haghaidh tuilleadh riachtanais oibriúcháin. |
| Ordanás, éadaí agus lónadóireacht | 3,337 | D'eascair an coigilteas mar gheall ar réasúnú na stóras, rud a laghdaigh sholátha gearrthéarmach an trealaimh ordanáis agus mar gheall ar agaí tionscanta ionchais le haghaidh éadaí a bhí níos faide ná mar a bhíothas ag coinne leis. |
| Cumarsáid agus teicneolaíocht faisnéise | (1,283) | Tá farasbarr ann go príomha de bharr feabhsúcháin riachtanacha ar ailtireacht bainistíochta faisnéise, trealamh cumarsáide agus córais slándála. |
| Seirbhísí taistil agus lasta | (139) | Tá an farasbarr ann go príomha de bharr níos mó riachtanas i leith taisteal coigríche míleata agus tá sé frithháirithe go páirteach trí laghdú ar chostais taistil intíre. |
| Tailte | (215) | Tá an farasbarr ann de bharr caiteachas breise a tabhaíodh ar chothabháil agus slándáil roinnt áitreabh mar gheall ar mhoill ar dhiúscairtí. |
| Cúiteamh agus costais ghaolmhara | 756 | Tá caiteachas faoin bhfotheideal seo faoi réir roinnt athróg nach bhféadfaí a thuar, lena n-áirítear uainiú éisteachtaí cúirte, dul chun cinn na gcásanna, agus líon, luach agus uainiú na ndámhachtainí agus na socraíochtaí. |
| Caiteachas ilghnéitheach | 665 | Tá an choigilt ann de bharr roinnt athróg lena n-áirítear dul chun cinn ní ba mhoille ná mar a rabhthas ag súil leis i dtaca le tionscadail, coigilteas ar áiseanna ceaintín Óglaigh na hÉireann agus costas riartha laghdaithe. |
| Costais dhíreacha de thoradh rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta an AE | (195) | Tá an farasbarr ann de bharr méadú ar chostais choiteanna i gcás mhisin an Aontais Eorpaigh. |

Mhéadaigh meastachán forlíontach teicniúil fo-cheannteideal A.11 faoi €32.8 milliún le híocaíochtaí a éascú faoi Chlár Athsholáthair na Soithí Cabhlaigh.

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gcabhair | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear etc. | 3,445 | 6,133 | 8,529 |
| 2. | Fáltais ón AE maidir le costais chosanta iascaigh | 50 | — | 63 |
| 3. | Fáltais ó bhainc agus eagraíochtaí eile | 8,100 | 8,924 | 8,439 |
| 4. | Fáltais ó chónaí i gceathrúna oifigiúla | 227 | 224 | 240 |
| 5. | Fáltais ó chiondálacha ar aisíoc | 745 | 997 | 1,030 |
| 6. | Fáltais ó eisiúintí eile ar aisíoc | 60 | 41 | 48 |
| 7. | Fáltais ar bhreosla eitlíochta | 70 | 40 | 191 |
| 8. | Fáltais ar urscaoileadh trí cheannach | 50 | 75 | 40 |
| 9. | Tailte agus áitribh | | | |
| | (a) cíosanna etc. | 400 | 525 | 600 |
| | (b) díolacháin | 500 | 3,258 | 1,422 |
| 10. | Díol stóras iomarcach | 200 | 109 | 899 |
| 11. | Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht | 41 | 79 | 232 |
| 12. | Nithe ilghnéitheacha | 350 | 2,363 | 1,400 |
| 13. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí | 22,400 | 22,551 | 25,303 |
| 14. | Géilleadh tuarastail HRA | — | 26 | — |
| | **Iomlán** | 36,638 | 45,345 | 48,436 |

**Míniú ar na hathruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal ina raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó ná an tsuim a measadh agus breis is 5% amach ón tsuim a measadh.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear etc. | (2,688) | Bhí fáltais ó na Náisiún Aontaithe níos airde ná mar a ceapadh i ndáil le costais trealaimh. |
| Fáltais ó bhainc agus eagraíochtaí eile | (824) | Tá fáltais faoin bhfotheideal seo faoi réir líon athróg nach bhféadfaí a thuar, lena n-áirítear líon agus fad ama na gcoimhdeachtaí arna soláthar ag Óglaigh na hÉireann. |
| Fáltais ó chiondálacha ar aisíoc | (252) | Tá an barrachas ann de bharr gur bhain níos mó pearsanra leas as ciondálacha ná mar a rabhthas ag súil leis. |
| Tailte agus áitribh (a) cíosanna etc. | (125) | Tá an barrachas ann de bharr gur baineadh níos mó leasa as ionaid réadmhaoine agus áiseanna ná mar a rabhthas ag súil leis. |
| Tailte agus áitribh (b) díolacháin | (2,758) | D'ardaigh díolacháin réadmhaoine i bhfad níos mó in 2014 ná mar a measadh. |
| Nithe ilghnéitheacha | (2,013) | Tá an barrachas ann go príomha mar go bhfuarthas níos mó fáltas i leith na Seirbhíse Tacaíochta Aerleighis Éigeandála ná mar a rabhthas ag súil leo. |

| **4.2 Fáltais bhreise a bhí iníoctha leis an Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — |
| Fáltas airgid choinsiasa | 1 | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (1) | — |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 10,147 | 10,134 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 397,583 | 417,166 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 230 | 256 |
| Ragobair | 414 | 472 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 207 | 215 |
| Liúntais mhíleata agus liúntais eile | 28,001 | 34,184 |
| ÁSPC fostóra | 36,407 | 38,089 |
| **Pá iomlán** | **462,842** | **490,382** |

Ní áirítear leis na figiúirí iomlána Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann lena mbaineann triúr pearsanra agus €198,174 d'íocaíochtaí iomlána. Cuireann an oifig sin cuntas ar leith ar fáil.

Ní áirítear caiteachas neamhphá arna mhuirearú go fotheidil pá áirithe sna figiúirí pá iomlána thuas.

**5.1 Státseirbhísigh**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 339 | 339 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 16,208 | 16,494 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 100 | 81 |
| Ragobair | 103 | 100 |
| Liúntais eile | 7 | 5 |
| ÁSPC fostóra | 635 | 638 |
| **Pá iomlán** | **17,053** | **17,318** |

Áirítear san fhigiúr pá íocaíochtaí téarfa agus iomarcaíochta arbh fhiú €14,882 iad a íocadh in 2014.

| **Liúntais agus iocaíochtaí ragoibre** | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht aonair** | **Uasíocaíocht aonair** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2014** | **2013** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 27 | 4 | 15,574 | 17,690 |
| Ragobair | 62 | — | 9,777 | 7,430 |
| Liúntais eile | 14 | — | 2,123 | 1,737 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Fostaithe Sibhialtacha**

| | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 508 | 534 |

| | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 18,462 | 21,480 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 130 | 175 |
| Ragobair | 311 | 372 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 207 | 215 |
| Liúntas am taistil | 533 | 590 |
| Liúntas uirlisí agus liúntais eile | 276 | 325 |
| ÁSPC fostóra | 1,949 | 2,163 |
| **Pá iomlán** | **21,868** | **25,320** |

Áirítear san fhigiúr pá íocaíochtaí téarfa agus iomarcaíochta dar fiú €346,563 a íocadh le seisear fostaithe sibhialtacha in 2014.

| **Liúntais agus iocaíochtaí ragoibre** | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht aonair** | **Uasíocaíocht aonair** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2014** | **2013** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 76 | — | 8,026 | 7,220 |
| Ragobair | 139 | 5 | 15,833 | 27,014 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 32 | 4 | 15,039 | 17,446 |
| Liúntas am taistil | 87 | 9 | 12,030 | 12,030 |
| Liúntas uirlisí agus liúntais eile | 321 | — | 3,235 | 3,235 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

**5.3 Na Buan-Óglaigh (lena n-áirítear Seirbhís Altranais an Airm agus an tSéiplíneacht)**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 9,299 | 9,261 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá agus liúntas na seirbhíse míleata | 362,913 | 379,192 |
| Liúntais thar lear | 12,127 | 15,023 |
| Liúntais dualgais slándála | 8,066 | 9,786 |
| Liúntais dualgais teorann | 3,009 | 3,499 |
| Liúntais dualgais patróil | 2,519 | 3,165 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 1,464 | 1,791 |
| ÁSPC fostóra | 33,823 | 35,288 |
| **Pá iomlán** | **423,921** | **447,744** |

| **Liúntais** | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht aonair** | **Uasíocaíocht aonair** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2014** | **2013** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais thar lear | 1,249 | 534 | 37,139 | 40,811 |
| Liúntais dualgais slándála | 7,586 | 14 | 15,070 | 13,527 |
| Liúntais dualgais teorann | 751 | — | 9,748 | 24,468 |
| Liúntais dualgais patróil | 695 | 6 | 10,819 | 10,455 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 863 | — | 7,294 | 11,823 |

Fuair daoine áirithe liúntais i níos mó ná catagóir amháin.

**5.4 Íocaíochtaí Speisialta**

Íocadh suim €318,302 le pearsanra reatha míleata agus le pearsanra áirithe urscaoilte i ndáil le riaráistí ina dteidlíocht i leith pá saoire agus clúdaítear an tréimhse idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2013.

Íocadh suim €457,023 le 75 pearsanra míleata i leith caillteanas tuillimh mar gheall ar scor na liúntas um dhualgas teorann agus um shainteagascóirí agus clúdaítear an tréimhse idir Iúil 2012 agus Meitheamh 2013.

Íocadh suim €355,083 le 164 pearsanra liostáilte i leith caillteanas tuillimh mar gheall ar dhúnadh beairicí agus clúdaítear an tréimhse idir Márta 2011 agus Feabhra 2013.

Íocadh suim €59,515 le 23 pearsanra liostáilte mar riaráistí pá theicniúil de bhun atheagrú Óglaigh na hÉireann agus clúdaítear an tréimhse idir Márta 2013 agus Deireadh Fómhair 2014.

Íocadh suim €31,352 le ceithre pearsanra liostáilte i leith caillteanas tuillimh mar gheall ar scor an liúntais um dhualgas seirbhís dóiteáin agus clúdaítear an tréimhse idir Bealtaine 2012 agus Aibreán 2014.

**5.5 Foireann ar Iasacht**

Áirítear sa Chuntas seo €88,049 i leith luach saothair an phearsanra mhíleata ar iasacht.

**5.6 Socrú Iocaim**

Tar éis athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar na seirbhísí leighis uile a cuireadh ar fáil do bhaill Óglaigh na hÉireann agus dá dteaghlach, agus tar éis nochtadh deonach gan spreagadh, íocadh €281,255 ar cuntas, ús san áireamh, le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim in 2014. Bhí sé sin i leith ganníocaíocht ÍMAT, ÁSPC agus MSU maidir le seirbhísí leighis áirithe a chlúdaíonn an tréimhse idir 2011 agus 2013.

# 6 Nithe Ilghnéitheacha

### 6.1 Misin thar Lear

Áirítear sa Chuntas seo na suimeanna a shonraítear thíos i ndáil le luach saothair na bpearsanra míleata atá ag seirbheáil le hoibríochtaí um thacaíocht síochána an Aontais Eorpaigh (AE) agus na Náisiún Aontaithe (NA) chomh maith le heagraíochtaí éagsúla eile, mar aon le costais taistil, chothaithe agus iompair:

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Misin na NA agus an AE:** | | |
| UNIFIL (an Liobáin) | 15,956 | 27,029 |
| UNDOF (Arda Golan) | 9,667 | 2,381 |
| KFOR (an Chosaiv) | 1,221 | 1,209 |
| EUFOR (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin) | 817 | 747 |
| Misin eile na NA agus an AE | 3,974 | 4,293 |
| | 31,635 | 35,659 |
| **Eile:** | | |
| Ionadaithe agus comhairleoirí míleata | 1,819 | 1,999 |
| An Grúpa Cogaidh Nordach | 1,234 | 47 |
| An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip | 397 | 462 |
| **Iomlán** | 35,085 | 38,167 |

Maidir leis an €32 milliún le haghaidh mhisin na NA agus an AE, baineann €6 mhilliún le misin a n-íocann an Stát a gcuid costas uile. Baineann an €26 milliún eile le UNFIL agus UNDOF; comhaontaíodh socruithe um aisíocaíocht costas áirithe leis na NA ina dtaobh. Ba é an tsuim a fuarthas ó na NA mar leithreasaí i gcabhair in 2014 €6.1 milliún (Nóta 4.1), ar bhain €3.6 milliún de le costais phearsanra agus €2.5 milliún le costais trealaimh. Ba é an tsuim gan íoc ag deireadh na bliana €1.2 milliún (€0.65 milliún de chostais phearsanra do UNIFIL agus UNDOF agus €0.55 milliún de chostais trealaimh do UNIFIL amháin. Tá costais trealaimh do UNDOF á n-idirbheartú leis na Náisiúin Aontaithe).

Tá éileamh a cuireadh faoi bhráid na NA maidir le costais a bhain leis an tarraingt siar ó MINURCAT (Sead) fós á idirbheartú.

### 6.2 Tacaíocht do Chumainn Ionadaíochta Óglaigh na hÉireann

Áirítear sa Chuntas seo €458,860 i leith luach saothair an phearsanra mhíleata a tugadh ar iasacht do chumainn ionadaíochta agus costais riaracháin ghaolmhara áirithe.

### 6.3 Feithiclí díscríofa

Díscríobhadh €87,533 de thoradh 103 cás ina ndearnadh damáiste d’fheithiclí míleata.

**6.4 Éilimh maidir le Díobháil Phearsanta agus Cás Fostaíochta**

| amhail an 31 Nollaig | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| Líon na n-éileamh a socraíodh: | | |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 95 | 137 |
| Eile | 42 | 22 |
| Líon na n-éileamh ar láimh: | 338 | 330 |
| Líon díobh a bhain leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 289 | 273 |

**6.5 Costais Dlí**

| Caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Táillí dlí | 1,373 | 1,549 |
| Cúiteamh | 2,849 | 2,260 |
| | 4,222 | 3,809 |

Tagraíonn na figiúirí thuasluaite maidir le táillí dlí agus cúiteamh leis na héilimh a nochtar i Nóta 6.4 go príomha.

**6.6 Cóir Leighis**

Tugadh seirbhísí institiúide agus othar seachtrach do phearsanra Óglaigh na hÉireann agus do chleithiúnaithe an phearsanra liostáilte in ospidéil shibhialtacha gan gearradh an mhuirir reachtúil agus in ospidéil mhíleata gan muirear a ghearradh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

## Sceideal na Talún agus Foirgneamh

## 1. Dílsithe san Aire Cosanta

| Réadmhaoin | Achar (Acraí)[a] |
|---|---|
| **An Clár** | |
| Campa Chnoc an Lisín | 160.25 |
| **Corcaigh** | |
| Dún Uí Mhurchú, Baile an Chollaigh | 2.2 |
| Dún Uí Choileáin, Corcaigh | 59.8 |
| Cuid de Pháirc an Champa, Dún Uí Choileáin | — |
| Seanbheairic agus Reilig, Mainistir Fhear Maí | 11 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Cill Chrócháin | 1 |
| Ceapach Chuimhneacháin Mhíchíl Uí Choileáin, Béal na Blá | 0.01 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, an Sciobairín | 0.5 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Mala | 0.07 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Eochaill | 0.11 |
| Cuid den Seandún Míleata, Cill na Mallach | — |
| **Dún na nGall** | |
| An Post Míleata, Leifear | 2.6 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Aeradróm Mhic Easmainn, Baile Dhónaill, lena n-áirítear feirm chamrais agus talamh chóngarach | 685 |
| Asplanád, Dún Uí Choileáin | 0.5 |
| Láithreán ag Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8 | 1 |
| **Gaillimh** | |
| Raon Raidhfilí Órán Mór | 534 |
| Soláthar Uisce Bhun na dTobar go Raon Órán Mór | — |
| Dún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh | 74 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Béal Átha na Sluaighe | 0.5 |
| **Ciarraí** | |
| Dún Bhaile an Mhuilinn, Trá Lí | 15 |
| Dún na Sionainne, Tairbeart | 2 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Lios Tuathail | 0.22 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Cill Orglan | 0.25 |

[a] Is garluach atá i gceist leis na hacraíochtaí a shonraítear. Tá foirgnimh le fáil ar mhórchuid na réadmhaoine.

## Sceideal na Talún agus Foirgneamh

## 1. Dílsithe san Aire Cosanta

| Réadmhaoin | Achar (Acraí)[a] |
|---|---|
| **Cill Dara** | |
| Campa agus Tailte an Churraigh | 4,870 |
| Tailte an Churraigh – Seachbhóthar Chill Dara | — |
| Tithe ag Páirc an Úlloird (2, 23, 78, 85, 96), an Currach | — |
| Dún Mhic Aoidh, Cill Dara | 56.33 |
| Tailte ag an Ráth Dhubh, an Currach | 35.5 |
| **Cill Chainnigh** | |
| Dún Mhic Stiofáin, Cill Chainnigh | 14 |
| **Lú** | |
| Raon Raidhfilí an Sciobóil Dheirg, Dún Dealgan | 13.50 |
| **Maigh Eo** | |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Cathair na Mart – Ar Léas | 0.50 |
| **An Mhí** | |
| Campa agus Aeradróm Bhaile Mhic Gormáin | 261 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, an Uaimh | 0.50 |
| **Uíbh Fhailí** | |
| Seandún Míleata, Biorra | 4.90 |
| **Ros Comáin** | |
| Raon Raidhfilí, an Charnach | 283 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Raon Raidhfilí, Cill Chuaráin | 13.50 |
| Raon Raidhfilí an Bhearnáin, an Teampall Mór | — |
| **Port Láirge** | |
| Dún Míleata, Port Láirge | 0.80 |
| **An Iarmhí** | |
| Dún Mhic Coluim, an Muileann gCearr | 23.75 |
| Dún Chostúim, Baile Átha Luain | 13 |
| Tailte Gharraí na Féile, Baile Átha Luain | 14.75 |
| **Cill Mhantáin** | |
| Raon Airtléire Ghleann Ó Máil | 6,669 |
| Campa agus Tailte Chúil Mhuine | 241 |
| Raon Raidhfilí Chill Pheadair, Bré | 98 |
| Tailte agus Teach Charraig Bhré, Bré | 4.83 |
| Post an Raonbhardaigh, an Seisceann | 1 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Cill Mhantáin – ar léas | 0.23 |

[a] Is garluach atá i gceist leis na hacraíochtaí a shonraítear. Tá foirgnimh le fáil ar mhórchuid na réadmhaoine.

## Sceideal na Talún agus Foirgneamh

## 2. Dílsithe san Aire Airgeadais

| **Réadmhaoin** | **Achar (Acraí)[a]** |
|---|---|
| **An Clár** | |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Inis | 0.25 |
| **Corcaigh** | |
| Campa agus Raon Chill Uird | 3,404 |
| Cuid ag Campa Chill Uird do sholáthar seirbhísí bóthair don NRA | 26.42 |
| An tOileán Mór | 225 |
| Bunáit Chabhlaigh, Inis Sionnach[b] | 84 |
| Dún an Dáibhisigh, an Geata Bán | 74 |
| Dún Theampall Bríde, Bun an Tábhairne | 37 |
| An Ché Fhíochmhar, Baile Chaisleáin Bhéarra | — |
| An Ché Thuirlingthe, an Cóbh | — |
| **Dún na nGall** | |
| Campa Fionnabhair, Bun Dobhráin | 840 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Dún Chathail Brugha, Ráth Maonais | 46 |
| Dún Chathail Brugha Uimh. 17-28 Ceathrúna | — |
| Dún Mhic Aoidh, Ascaill an Chiardhuibh | 45 |
| Páirc Mhic Aoidh, Uimh. 64 | — |
| Ospidéal Naomh Bricín, Baile Átha Cliath 7 | 8 |
| An Seanteach Scoile, Cnoc an Arbhair | — |
| 2 Cúirt Thomhair, Cnoc an Arbhair | — |
| **Laois** | |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Port Laoise | 0.077 |
| **Luimneach** | |
| Dún an tSáirséalaigh, Luimneach | 14.80 |
| **An Longfort** | |
| Dún Uí Chonghaile, an Longfort | 14 |
| Cuid de Dhún Uí Chonghaile, an Longfort | 0.37 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, an Longfort | — |
| **Lú** | |
| Dún Mhic Aogáin, Dún Dealgan | 18 |

[a] Is garluach atá i gceist leis na hacraíochtaí a shonraítear. Tá foirgnimh le fáil ar mhórchuid na réadmhaoine.

[b] Aistrithe go sealadach chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun obair dheisiúcháin a dhéanamh ar shuíomh ISPAT.

## Sceideal na Talún agus Foirgneamh

## 2. Dílsithe san Aire Airgeadais

| **Réadmhaoin** | **Achar (Acraí)[a]** |
|---|---|
| **Maigh Eo** | |
| Dún Míleata, Caisleán an Bharraigh | 6 |
| **Ros Comáin** | |
| Raon Raidhfilí, Cuisle | 139 |
| Dún Míleata, Mainistir na Búille | 0.50 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Dún Chiceam, Cluain Meala | 11 |
| Dún Míleata, an tAonach | 2.70 |
| Cuid de Dhún Mhic Canna, an Teampall Mór | 0.39 |
| **Loch Garman** | |
| Dún Míleata, Loch Garman | 1 |
| **Cill Mhantáin** | |
| Campa agus Raon Raidhfilí Chill Bhríde | 1,574 |

[a] Is garluach atá i gceist leis na hacraíochtaí a shonraítear. Tá foirgnimh le fáil ar mhórchuid na réadmhaoine.